



CALAOISÍ AGUS CAMSCÉIMEANNA AIRGEADAIS AR LÍNE I nDOMHAN na hINTLEACHTA SAORGA

FAN AR AN AIRDEALL AGUS COSAIN TÚ FÉIN

Ní haon rud nua iad calaoisí agus camscéimeanna airgeadais ar líne, ach tá an Intleacht Shaorga (IS) tar éis iad a dhéanamh níos cliste agus tá sé níos deacra iad a aithint. Anois, úsáideann coirpigh teachtaireachtaí agus suíomhanna gréasáin bréige próifíil ceiliúrán bréagacha, agus fiú guthanna nó fiseáin arna nginiúint ag IS a bhfuil cuma do bhaincéara, do chairde nó do theaghlaigh orthu chun cleas a imirt ort.

Is minic a théann siad i dteagmháil leat trí na meáin shóisialta, ríomhphoist, glaonna gan choinne, agus aipeanna teachtaireachtaí a bhfuil an chuma orthu go bhfuil siad fíor.

D'fhéadfá a bheith i mbaol caillteanas airgeadais, goid aitheantais, agus anacair mhothúcháin. Bí cúramach agus lean na moltaí tábhachtacha seo chun fanacht sábháilte:



Fan ar an airdeall maidir le calaois agus camscéimeanna airgeadais reatha ar líne arna gcumhachtú ag IS

e.g. pearsanú, fioscaireacht, camscéimeanna infheistíochta agus árachais, agus fiú calaois agus camscéimeanna rómánsaíochta. Chun tuilleadh a fhoghlaim faoi chineálacha éagsúla calaoise agus camscéimeanna féach [leathanach 5](#), 6 agus 7.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi chalaois agus camscéimeanna a bhaineann go sonrach le criptea-airgeadra, féach Bileog Eolais maidir le Cripteachalaoisí agus Camscéimeanna ([leathanach 3](#)).



Aithin comharthaí rabhaidh:

Foghlaim conas iompraíochtaí, teachtaireachtaí nó tairiscintí amhrasacha a aithint (féach [leathanach 2](#))



Cosain tú féin:

Daingnigh do chuid faisnéise pearsanta (féach [leathanach 3](#))



Bíodh a fhios agat cad atá le déanamh má dhéantar calaois nó caimiléireacht ort (féach [leathanach 4](#))



Comharthaí rabhaidh



Gealltanais atá ró-mhaith le bheith fíor.



Glaos gan choinne ó uimhir anaithnid.



Iarratas práinneach ar airgead nó ar fhaisnéis phearsanta, lena n-áirítear ó dhuine a ligeann air féin gur ball teaghlaigh, cara, nó fiú duine poiblí é.



Iarratas chun smacht a fháil ar do ghléas, aip a íoslódáil, cód QR a scanadh nó cliceáil ar nasc.



Iarratas ar fhaisnéis phearsanta nó ar shonraí baincéireachta (e.g. pasfhocail, uimhreacha cártaí creidmheasa, faisnéis aitheantais baincéireachta idirlín, nó cóid slándála).



Iarratas ar íocaíocht trí mhodhanna dorianaithe (e.g. criptea-airgeadraí, cártaí bronnantais, aistrithe sreinge, nó cártaí dochair réamhíochta).



Seoladh ríomhphoist nó nasc amhrasach nó mícheart (e.g. botúin litrithe san URL nó seoltaí gréasáin neamhghnácha).



Ceangaltán ó fhoinsé anaithnid, go háirithe .exe, .scr, .zip, nó comhad macra-chumasaithe Office (.docm, .xlsm).



Drochghramadach nó formáidiú i ndoiciméad a bhfuil cuma oifigiúil air, cé go bhféadfadh IS a chur ar chumas na gcalaoiseoirí na lochtanna sin a cheilt ar bhealach níos éifeachtaí.



Suíomh gréasáin a bhfuil cuma ghairmiúil air ach nach bhfuil sonraí teagmhála fíoraithe ná faisnéis chláráithe cuideachta aige.



Tuin chainte atá mínádúrtha, gan sosanna agus atá ró-luaineach nó róbatlach. Tabhair aird ar 'guthchlónáil', cé go bhféadfadh an chaint a ghintear leis an Intleacht Shaorga a bheith an-nádúrtha freisin.



Físeáin ina bhfuil blas róbatach nó ró-réidh ar an nguth, b'fhéidir nach mbeidh bogadh na mbeolaí nó na gothaí gnúise ag teacht leis an gcaint, nó b'fhéidir nach mbeidh an cúlra, an soiliú nó na scáthanna ag teacht lena chéile. Is minic gur físeáin iad sin atá ginte leis an Intleacht Shaorga (domhainbhrionnuithe).

Céimeanna chun tú féin a chosaint

1

Ná roinn sonraí pearsanta nó baincéireachta riamh:

Ní iarrfaidh cuideachtaí dlisteanacha riamh do chuid PINanna, pasfhocal, sonraí aitheantais baincéireachta idirlín, nó cóid slándála trí ríomhphost, téacs, na meán shóisialta nó ar an bhfón.

2

Fan agus smaoinigh sula ngníomhóidh tú:

Ná déan airgead a sheoladh, faisnéis a roinnt, nó ná cliceáil ar naisc- cruthaíonn caimiléirí splanc phráinne d’aon ghnó (e.g. saincheisteanna TF le do bhanc, glaonna éigeandála a bhaineann le do chairde agus do bhaill teaghlaigh, teanga bhagrach etc.). Má bhíonn aon amhras ort, fiú mionamhras, ná déan beart ar bith; cuir deireadh leis an nglao agus seiceáil an fhoinsé nó an chéannacht go cúramach.

3

Seiceáil an fhoinsé/céannacht go cúramach:

- Fíoraigh i gcónaí cá as a dtagann teachtaireachtaí, glaonna, ríomhphoist agus naisc- fiú má tá cuma oifigiúil orthu, nó más cosúil go bhfuil siad ag teacht ó chara leat nó ó do theaghlach, nó fiú pearsa phoiblí. Mar shampla, glaoigh ar do theaghlach nó do chairde, nó cuir téacs chucu trí uimhir aitheanta a úsáid trí chainéal iontaofa; coinnigh súil amach do bhotúin litrithe, URLanna aisteacha, nó do tháscairí slándála atá in easnamh (e.g. a fhíorú go bhfuil ‘s’ in ‘HTTPS’ i nasc an tsuímh gréasáin chun a chinntiú go bhfuil an suíomh gréasáin slán, agus seiceáil an bhfuil aon litir bhreise nó aon litir atá in easnamh in ainm na cuideachta).
- Ná hoscail naisc i dteachtaireachtaí gan iarraidh, ná suiteáil ach feidhmchláir oifigiúla trí aipmhargaí iontaofa, agus ná déan cóid QR anaithnide a scanadh.
- Aontaigh ‘focal sábháilte’ le do theaghlach- frása rúnda is féidir leat a úsáid chun aitheantas a dheimhniú má ghlaonn duine le guth so-aitheanta ort le hiarratas práinneach ar airgead agus má mhaíonn sé gur ball teaghlaigh é (e.g. tuismitheoirí, deirfiúr/deartháir, leanbh).
- Bain úsáid as sonraí teagmhála fíoraithe chun teacht ar an gcuideachta nó ar an duine aonair go díreach agus ná bí ag brath riamh ar an bhfaisnéis teagmhála a chuir an calaoiseoir amhrasta ar fáil (e.g. déan cuardach neamhspleách ar ainm na cuideachta, bain úsáid as eolairí gnó fíoraithe, agus modhanna teagmhála a deimhníodh roimhe seo). B’fhéidir go maífidh caimiléirí go bhfuil siad údaraithe nó b’fhéidir go ndéanfaidh siad aithris ar shuíomh gréasáin cuideachta údaraithe. Fíoraigh an bhfuil aon rabhadh eisithe ag d’údarás airgeadais náisiúnta nó curtha san áireamh ar liosta I-SCAN IOSCO (iosco.org/i-scan/). I gcás soláthraithe cripteashócmhainní, seiceáil an bhfuil siad údaraithe san Aontas Eorpach (e.g., seiceáil clár ESMA (<https://www.esma.europa.eu/>)).

4

Bí ag faire amach do chleasanna féideartha IS:

De réir mar a théann teicneolaíocht IS chun cinn, tá camscéimeanna ag éirí níos réalaíche ná riamh- fiú leis na moltaí slándála is fearr. Má bhraitheann tú go bhfuil rud éigin aisteach nó má thugann tú ceann de na comharthaí rabhaidh thuas faoi deara, stop agus déan athmhéasúnú.

5

Ná déan bogearraí cianrochtana a shuiteáil riamh nó ná roinn do scáileán riamh:

Ní iarrfaidh bainc nó institiúidí airgeadais ort riamh é sin a dhéanamh.

6

Gléasanna agus cuntais a choinneáil slán:

Úsáid pasfhocail láidre uathúla, coinnigh faoi rún iad, agus seachain an fhaisnéis aitheantais chéanna a athúsáid ar ardáin éagsúla. Cumasaigh fíordheimhniú ilfhachtóra nuair is féidir. Féach roinnt moltaí maidir le pasfhocail anseo ([↗](#)). Coinnigh do bhogearraí agus do chosaint frithvíreas cothrom le dáta agus gníomhachtaithe.

7

Bí cúramach le deiseanna infheistíochta gan choinne a mbaineann teorainn ama leo:

Más cosúil go bhfuil sé ró-mhaith le bheith fíor, is dócha go bhfuil sé.

8

Smaoinigh sula roinneann tú faisnéis ar na meán shóisialta:

Is féidir le grúpaí comhrá, fóraim, postálacha ar na meán shóisialta agus grianghraif a bheith ina bhfoinsí luachmhara eolais do chaimiléirí. Má nochtann tú an iomarca eolais fút féin nó faoi d’infheistíochtaí, tarraingeoidh tú aird na gcaimiléirí ort féin.

Cad atá le déanamh má dheantar calaois nó caimiléireacht ort



Cuir stop láithreach le hidirbhearta:

Chun aon aistrithe breise chuig cuntais amhrasacha a bhlocáil agus caillteanais bhreise a sheachaint. Stop gach teagmháil leis na caimiléirí – déan neamhaird dá nglaoanna agus dá ríomhphoist agus cuir bac ar an seoltóir.



Déan teagmháil le do bhanc nó do chuideachta airgeadais:

Cuir do bhanc nó do chuideachta airgeadais ar an eolas láithreach trí bhealaí teagmhála oifigiúla, chun roghanna a fhiosrú maidir le hidirbhearta a reo nó a aisiompú.



Athraigh do chuid pasfhocal ar do chuid gléasanna agus aipeanna/suíomhanna gréasáin go léir:

Ceannaíonn calaoiseoirí pasfhocail sceite ar líne agus déanann siad iarracht iad a thriail ar iliomad cuntas. Ní leor pasfhocal amháin a athrú; déan cinnte go n-athraíonn tú iad go léir sa chaoi is nach féidir le calaoiseoirí iad a athúsáid.



Tabhair tuairisc agus foláireamh:

Tuairiscigh an teagmhas do do stáisiún áitiúil de chuid an Gharda Síochána nó do Bhiúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Choireacht Eacnamaíoch ag GNECB.DistrictOffice@garda.ie, do do bhanc, más rud é go ndearnadh airgead a aistriú, agus do Bhanc Ceannais na hÉireann trí úsáid a bhaint as an bhfoirm um thuairisciú ar líne ag [👉](#) agus cuir do líonra (e.g. cairde agus teaghlaigh) ar an eolas chun feasacht a spreagadh. Is iad na gníomhartha seo an bealach is fearr chun cabhrú leat tú féin agus daoine eile a chosaint.



Bí ar an eolas faoi chalaois 'seomra aisghabhála':

Féadfaidh an calaoiseoir teagmháil a dhéanamh leat mar íospartach camscéime roimhe seo, ag maíomh gur údarás poiblí é (e.g. póilíní, údarás cánach nó airgeadais etc.) agus ag tairiscint d'airgead caillte a aisghabháil ar tháille. Is minic gur iarracht eile é seo chun caimiléireacht a dhéanamh ort arís. Cuimhnigh: má dhéantar caimiléireacht ort uair amháin, ní hionann sin is a rá nach dtarlóidh sé arís.

CINEÁLACHA CALAOISÍ AGUS CAMSCÉIMEANNA AIRGEADAIS AR LÍNE ARNA gCUMHACHTÚ AG AN INTLEACHT SHAORGA



CAMSCÉIM PEARSANAITHE AGUS ÚSÁID AN DOMHAINBHRIONNAITHE

Faigheann tú glao gan choinne ó dhuine a mhaíonn gurb é do bhanc, údarás poiblí (e.g. póilíní, údarás cánach nó airgeadais etc.), dáileoir árachais, cuideachta TF, nó fiú ball teaghlaigh é. B'fhéidir go n-iarrfaidh an glaoiteoir ort cistí a aistriú chun iad a choinneáil sábháilte, ag rá go raibh gníomhaíocht amhrasach ar do chuntas nó ar do pholasaí árachais. D'fhéadfaidís a iarraidh ort freisin do chuid sonraí baincéireachta a nochtadh (e.g. uimhir chárta íocaíochta, faisnéis aitheantais baincéireachta idirlín, nó pasfhocail), cliceáil ar nasc, nó bogearraí a shuiteáil, ag ligean air gur féidir leis an cheist a réiteach go tapa. D'fhéadfadh sé go n-úsáidfeadh an glaoiteoir uimhir fhalsaithe, rud a mheaitseálann uimhir theileafóin do bhainc go minic le go mbeadh cuma dhlisteanach uirthi (spúfáil).

Féadfaidh caimiléirí IS a úsáid chun físeáin, íomhánna nó fuaim bhréige a chruthú a dhéanann aithris ar ghuth (e.g. do bhaincír nó ball teaghlaigh), aghaidh (e.g. duine cáiliúil), nó gluaiseachtaí duine éigin. **Tugtar 'Domhainbhrionnú' air sin.**

Cad a d'fhéadfadh tarlú:

Trí shonraí pearsanta a lua agus splanc phráinne a chruthú, imríonn an caimiléir cleas sa chaoi go ndéanfaidh tú gníomhartha nach raibh sé ar intinn agat a dhéanamh - amhail airgead a sheoladh chuig a gcuntas, cliceáil ar nasc mailíseach, nó bogearraí mailíseacha a shuiteáil ar do ghléas. B'fhéidir go dtabharfaidh sé seo rochtain dhíreach don chaimiléir ar d'fhaisnéis aitheantais baincéireachta. Leis an bhfaisnéis seo, is féidir leo do phasfhocal a athrú, rochtain a fháil ar do chuntas bainc, agus do chuid airgid a ghoid. Cuimhnigh: díreach toisc go bhfuil eolas ag an nglaoiteoir ar shonraí pearsanta fút, ní chiallaíonn sin go bhfuil sé/sí iontaofa.



FIOSCAIREACHT AGUS CUMADH CÚINSE

Faigheann tú ríomhphost nó teachtaireacht a dhealaíonn a bheith seolta ag do bhanc nó ag cuideachta airgeadais, ag tabhairt rabhadh duit faoi 'ghníomhaíocht amhrasach' ar do chuntas. Breathnaíonn an lógó, an leagan amach agus an teanga gairmiúil, agus b'fhéidir go mbeidh an teachtaireacht le feiceáil sa snáithe céanna le comhráite eile ó do bhanc. Molann an teachtaireacht duit cliceáil ar nasc chun do chuntas a fhíorú nó do phasfhocal a athshocrú. Téann an nasc chuig suíomh gréasáin bréige atá díreach cosúil le do bhaincéireacht idirlín. I ngan fhios duit, cuireann tú do chuid sonraí isteach i suíomh gréasáin atá deartha chun do chuid faisnéise pearsanta a ghoid.

Baineann caimiléirí úsáid as IS chun teachtaireachtaí fioscaireachta réalaíocha a chruthú trí anailís a dhéanamh ar shonraí meán sóisialta chun a n-íospartaigh a shainaithint agus chun an t-ábhar a oiriúnú do gach íospartach.

Cad a d'fhéadfadh tarlú:

Faigheann an caimiléir rochtain ar do chuntas bainc agus goideann sé do chuid airgid nó cruthaíonn sé próifíl bhréige le do chuid sonraí pearsanta chun calaois a dhéanamh.



CAMSCÉIM INFHEISTÍOCHTA NÓ ÁRACHAIS

Feiceann tú fógra ar na meáin shóisialta nó suíomh gréasáin a chuireann chun cinn ‘deis infheistíochta lena mbaineann teorainn ama agus rioscaí íslé’ nó ‘lascaine lena mbaineann teorainn ama’ maidir le hárachas ó chuideachta aitheanta. Tá grianghraf agus moltaí ceiliúráin san fhógra a bhíonn bréagach go minic. Tar éis duit spéis a léiriú trí chliceáil ar nasc nó trí fhoirm a líonadh isteach, déantar teagmháil leat agus atreoraítear tú chuig ardán nó cainéal teachtaireachtaí ina bhfaigheann tú comhairle agus doiciméid a bhfuil cuma ghairmiúil orthu. Moltar duit méid beag a infheistiú, agus suimeanna níos mó ina dhiaidh sin, nó an phréimh a íoc isteach i gcuntas a bhfuil cuma shlán air.

Baineann calaoiseoirí úsáid as uirlisí IS chun go mbeidh cuma fíor-réalaíoch ar na moltaí bréige nó na ríomhphoist bhréige sin agus go mbeidh sé deacair iad a bhrath. Úsáideann siadботаí meán sóisialta atá cumhachtaithe ag IS freisin chun cuntais bhréige a chruthú a dhéanann caidreamh leat, a scaipeann mífhaisnéis, agus a ionsamhlaíonn fíoriompraíochtaí chun muinín a chothú agus tionchar a imirt ar do chinntí.

Cad a d'fhéadfadh tarlú:

Tar éis duit iarracht a dhéanamh do chuid airgid a tharraingt siar nó éileamh a dhéanamh, cuirfidh an teagmhálaí deireadh leis an teagmháil. Faigheann tú amach nach bhfuil an chuideachta ann nó nach bhfuil an riosca árachais clúdaithe. Tuigeann tú ansin gur sheol tú airgead go díreach chuig caimiléir mar chuid de scéim chalaoiseach. Ar an drochuair, ní féidir leat d'airgead a fháil ar ais, agus féadfar do shonraí pearsanta agus airgeadais a úsáid chun tuilleadh calaoise a dhéanamh (e.g. conarthaí a shíniú thar do cheann a bhféadfadh cailleadh airgid a bheith mar thoradh air).



CALAOIS AGUS CAMSCÉIM RÓMÁNSAÍOCHTA

Déanann duine nár bhuail tú leis ina steillbheatha teagmháil leat ar na meáin shóisialta, ar aipeanna geandála, nó ar an bhfón/téacs. Seans go ndéanfaidh an duine seo comhrá pearsanta, rómánsúil leat go minic, ag cothú muiníne trí phróifílí bréige a úsáid. De réir a chéile, stiúran siad an comhrá i dtreo deiseanna airgeadais, ag maíomh go mbeidh brabúis ollmhóra ar fáil ó infheistíochtaí i gcrípteashócmhainní agus ag moladh duit infheistíocht a dhéanamh, ag gealladh go mbeidh torthaí arda agus riosca íseal i gceist. Tabharfaidh siad treoracha duit maidir le cuntas a bhunú agus taisece bheag tosaigh a dhéanamh chun go mbeidh cuma dhlísteanach ar an scéim.

Cruthaíonn calaoiseoirí próifílí bréige le IS, chun a n-íospartaigh a shainaithint ar na meáin shóisialta/ aipeanna geandála trí úsáid a bhaint as sonraí a chuireann tú ar fáil, nó chun botáí comhrá a úsáid chun teachtaireachtaí a ghiniúint.

Cad a d'fhéadfadh tarlú:

Baineann an caimiléir an oiread airgid agus is féidir uait, ansin garrann sé gach cumarsáid agus imíonn gan tásc nó tuairisc. Baintear anuas an suíomh gréasáin nó an aip infheistíochta chalaoiseach, rud a fhágann nach féidir leat rochtain a fháil ar na hinfeistíochtaí ceaptha. Chomh maith le caillteanas airgeadais, d'fhéadfaí an fhaisnéis phearsanta a roinn tú a úsáid chun díriú ar do chairde agus do theaghlach nó chun aitheantas a ghoid a bhféadfadh iarmhairtí airgeadais nó dlíthiúla a bheith aige duit (e.g. d'fhéadfadh an calaoiseoir ceannacháin a dhéanamh, iasachtaí a ghlacadh i d'ainm, nó d'fhéadfaí a bheith freagrach as fiacha nó coireanna a dhéantar faoi d'ainm go dtí go gcruthófar a mhalairt).



CAMSCÉIM CEANNAIGH

Tagann tú trasna ar thairiscint tharraingteach do cheannacháin ar mhargadh ar líne. Iarrann an chuideachta a thairgeann an tairiscint íocaíocht lasmuigh den ardán oifigiúil, ag maíomh go n-úsáideann sí ‘córas íocaíochta slán’, agus seolann sí nasc chugat chun an ceannach a chur i gcrích. Déanann an nasc tú a atreorú chuig leathanach fíoraithe bainc calaoiseach a dhéanann aithris ar shuíomh gréasáin oifigiúil an bhainc agus a bhaineann úsáid as a lógó agus a dhearadh, ionas go gcuirfidh tú isteach do chuid sonraí baincéireachta ar líne chun an íocaíocht a dhéanamh.

Úsáideann caimiléirí IS chun suíomhanna gréasáin bainc, dearbhuithe ordaithe agus sonraisc bréige a bhfuil cuma fhíor-réalaíoch orthu a chruthú. Cuidíonn IS leo aithris a dhéanamh ar thuin, brandáil agus stíl na bhfíorchuideachtaí. I gcásanna áirithe, úsáideann siad botaí comhrá IS chun ceisteanna a fhreagairt chun go mbeidh an tairiscint níos inchreidte.

Cad a d’fhéadfadh tarlú:

Déantar an íocaíocht trí nasc tríú páirtí a ghabhann thar chosaintí an mhargaidh. Faigheann an caimiléir do chuid faisnéise logála isteach le haghaidh do chuntais bainc agus ghoideann sé do chuid airgid.